

Ar thairseach na haoise digití: mionteangacha agus an ríomhaireacht

Michal Boleslav Měchura

Lárionad na Ríomhtheangeolaíochta, Ollscoil Masaryk, Brno, Poblacht na Seice
Fiontar agus Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Éire
Foclóir Nua Béarla–Gaeilge, Foras na Gaeilge, Baile Átha Cliath, Éire
valselob@gmail.com

Eanáir 2017

Achoimre

Is féidir stádas teanga a mheas ar an soláthar ríomhaireachta atá ag freastal uirthi: foclóirí leictreonacha, uirlisí seiceála litrithe, sintéiseoirí gutha agus eile. Dá mhéad uirlisí den saghas seo atá le fáil sa teanga, is ea is láidre seasamh na teanga i saol digiteach ár linne. Sa pháipéar seo tabharfaidh mé achoimre ar dhá scéim atá aitheanta chun stádas ríomhaireachta teanga a mheas: BLARK (Basic Language Resource Kit) [1] agus Páipéir Bhána META-NET [2]. Léireoidh mé an seasamh atá, de réir na scéimeanna seo, ag mionteangacha éagsúla na hEorpa, an Ghaeilge san áireamh, i gcomparáid leis na mórtheangacha.

Sa dara leath den pháipéir cuirfidh mé an cheist, an ionann na riachtanais ríomhaireachta ag mionteangacha agus ag mórtheangacha. Ní ionann, a bheidh mar fhreagra agam air. Léireoidh mé sin ar shampla an mheaisínáistriúcháin: is lú tábhacht an mheaisínáistriúcháin, agus an aistriúcháin i gcoitinne, do phobal (dátheangach) na mionteanga ná do phobal (aonteangach) na mórtheanga. Dá bhrí sin, is botún é barraíocht dua agus airgid a infheistiú i bhforbairt an mheaisínáistriúcháin i bpéirí teangacha más mionteanga ceann den phéire. Ina áit sin, tá tábhacht níos airde ag uirlisí ríomhaireachta a chuideodh le pobal na teanga an teanga a choimeád i gcúrsaíocht eatarthu féin, is é sin, uirlisí scríbhneoireachta agus cumarsáide: seiceálaithe litrithe, meáin shóisialta, bogearraí oifige agus eile.

I bhfocail eile, ní ionann cúinsí sochtheangeolaíochta mionteanga agus mórtheanga agus, dá dheasca sin, ní ionann a gcuid riachtanas ríomhaireachta. Beidh sé mar chonclúid ag an pháipéar go bhfuil coigeartú cúrsa ag teastáil i leith polasaí teicneolaíocht teanga sa Ghaeilge agus i mionteangacha eile na hEorpa: is gá an bhéim a bhaint de theicneolaíocht an aistriúcháin, agus ina áit sin, tuilleadh béime a chur ar theicneolaíochtaí aonteangacha a chuideodh le normalú na mionteanga i súile a pobail féin.

Nóta beathaisnéise

Tá Michal Boleslav Měchura ag obair mar chomhairleoir le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Foras na Gaeilge. Tá sé freagrach as infreastruchtúir ríomhaireachta ar thionscadail éagsúla sa teicneolaíocht teanga agus sna daonnachtaí digiteacha, ina measc [tearma.ie](http://www.tearma.ie), [logainm.ie](http://www.logainm.ie), [duchas.ie](http://www.duchas.ie), [ainm.ie](http://www.ainm.ie) agus [teanglann.ie](http://www.teanglann.ie). Tá céim mháistreachta sa ríomhtheangeolaíocht aige ó Choláiste na Tríonóide agus tá sé i mbun dochtúireachta san fhoclóireacht in Ollscoil Masaryk faoi láthair. Tá leabhar leis, *An Ríomhaire Ilteangach*, á fhoilsiú ag Cois Life in 2017.

Tagairtí

[1] BLARK: Basic Language Resource Kit, 2001. <http://www.blark.org>.

[2] META-NET Whitepapers, 2012. <http://www.meta-net.eu/whitepapers>.